C/2026/2613

7.5.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/2613)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Vin de Savoie / Savoie'

PDO-FR-A0681-AM01 — 22.7.2016

RIALACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS AN LEASÚ:

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.1308/2013

IARRATASÓIR AGUS LEAS DLISTEANACH

Sindeacáit réigiúnach le haghaidh fhíonta Savoie (*Syndicat régional des vins de Savoie*)

TUAIRISC AR AN LEASÚ AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. *Catagóir na bhfíonta leathshúilíneacha geala agus* rosé *a scriosadh*

Scriosadh an chatagóir 'fíon leathshúilíneach'. Bhí táirgeadh na bhfíonta sin ag laghdú le roinnt blianta anuas, toisc gur thug oibreoirí tús áite d'fhíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a bhfuil luach róbhrú os cionn 3,5 bar acu (fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán).

Dá bhrí sin, scriosadh na rialacha maidir le fíonta leathshúilíneacha ón tsonraíocht táirge. Ní dhearnadh aon agóid sna himeachtaí freasúra a reáchtáladh ar an leibhéal náisiúnta.

Leasaíodh an doiciméad aonair dá réir sin.

2. *Tásc 'crémant'*

Leasaíodh an tsonraíocht táirge chun go bhféadfaí an tásc 'Crémant' a úsáid chomh maith leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Savoie' nó 'Vin de Savoie'. Leagtar amach na coinníollacha táirgthe le haghaidh an táisc sin sa tsonraíocht táirge. Tagann siad in ionad na gcoinníolacha sin a beartaíodh roimhe seo le haghaidh fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán, cé is moite díobh siúd ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse'.

Ní mór an tásc 'Crémant' a chur roimh ainm an ATFC i gcás fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán, cé is moite díobh siúd ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse'. Cuireadh an riail sin le Roinn II 'Ainmniúcháin gheografacha agus ainmniúcháin fhorlíontacha' i gCaibidil I den tsonraíocht táirge. Cuireadh an focal 'tásca' in ionad an fhocail 'sonraí' i dteideal Roinn II.

Leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair, 'Coinníollacha fíor-riachtanacha eile', dá réir sin.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3. *Limistéar geografach 'Crémant'*

I bpointe 1 de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh litir nua (c) isteach chun an limistéar táirgeachta a leagan amach le haghaidh fíonta a bhfuil an tásc 'Crémant' orthu.

Leasaíodh pointe 6 den doiciméad aonair, 'Limistéar críochaithe', dá réir sin.

4. *Cineálacha fíniúna a úsáidtear i dtáirgeadh 'Crémant'*

Leasaíodh Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht táirge maidir le cineálacha fíniúna.

Rinneadh an liosta de chineálacha fíniúna atá údaraithe chun fíonta a tháirgeadh ar a bhfuil an tásc 'Crémant' a chúngú chun díriú ar líon níos teoranta cineálacha fíniúna ná mar a sainíodh roimhe seo chun fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán a tháirgeadh ar a bhfuil an t~ainmniúchán 'Vin de Savoie' nó 'Savoie'. Cuideoidh an t~athrú fócais sin le féiniúlacht na bhfíonta Savoie sin a léiriú ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, baineadh na cineálacha Gringet B, Marsanne B, Roussette d'Ayse B, Velteliner Rouge Précoce Rs agus Verdesse B.

Féach Caibidil I, Roinn V, pointe 1 den tsonraíocht táirge don liosta. Ós rud é gur scriosadh na cineálacha lena mbaineann an riail a leagtar amach i bpointe 2 de Roinn V, níor áiríodh an riail sin le haghaidh an táisc 'Crémant' agus scriosadh í le haghaidh na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán.

Níor leasaíodh pointe 7 'Príomhchineálacha fíniúna' den doiciméad aonair toisc go n-úsáidfear fós na cineálacha nach n-úsáidfear a thuilleadh chun fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant' a tháirgeadh le haghaidh na gcineálacha eile fíona a chumhdaítear leis an ainmniúchán.

5. *Airde duilliúir chun 'Crémant' a tháirgeadh*

I bpointe 1(c) de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, sonraíodh nach mór d'airde an duilliúir achar dromchla seachtrach 1,20 m^2 de chumhdach plandaí a cheadú chun 1 kg fíonchaor a tháirgeadh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Meán-ualach uasta in aghaidh na dáileachta talún chun 'Crémant' a tháirgeadh*

Coigeartaíodh luachanna sonracha an ualaigh uasta in aghaidh na dáileachta talún chun an dlús plandaithe a chur san áireamh. Tá an beart seo beartaithe chun cóimheas cothrom a áirithiú idir achar dromchla seachtrach an chumhdaigh plandaí agus táirgeadh fíonchaor. Tá na luachanna sonracha sin níos comhsheasmhaí le saintréithe an táirgthe sin, lena n-áirítear rialacha maidir le brú lena gceanglaítear 150 kg fíonchaor le haghaidh uasmhéid 100 lítear úrfhíon.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Foráil maidir le buaint chun 'Crémant' a tháirgeadh*

I bpointe 1(b) de Roinn VII de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, sonraíodh go ndéantar fíonta atá incháilithe don tásc 'Crémant' as fíonchaora a bhuaintear de láimh, i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún.

Níl an leasú sin le feiceáil sa doiciméad aonair.

8. *Foráil maidir leis an mbuaint a iompar chun 'Crémant' a tháirgeadh*

I bpointe 1(c) de Roinn VII de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cinneadh meáchan uasta 250 kg in aghaidh an choimeádáin a shocrú le haghaidh fíonchaora buainte atá á n-iompar, d'fhonn teorainn a chur le féinbhrú na dtriopall. Ar na cúiseanna céanna, socraíodh uasairde na gcoimeádán a úsáidtear le haghaidh na buainte ag 40 cm. Níl na coimeádáin sin uiscedhíonach, ionas gur féidir le haon sú a tháirgtear, in ainneoin na rialacha a cuireadh i bhfeidhm chun foirmiú sú a íoslaghdú, draenáil go tapa. Ar deireadh, bunaíodh teorainn dhocht 24 uair an chloig idir buaint agus tús a chur leis an bpróiseas brúite.

Níor leasaíodh an pointe sin den doiciméad aonair.

9. *Aibíocht fíonchaor chun 'Crémant' a tháirgeadh*

I bpointe 2(a) agus (b) de Roinn VII de Chaibidil I, socraíodh íosmhéid siúcra na bhfíonchaor agus an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte ag 144 ghram in aghaidh an lítir d'úrfhíon agus 9 %, faoi seach, le haghaidh bunfhíonta atá beartaithe chun fíonta a tháirgeadh a bhfuil an tásc 'Crémant' orthu. Fanann na luachanna sin mar an gcéanna leo siúd a socraíodh roimhe seo chun fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán a chumhdaítear leis an ainmniúchán 'Vin de Savoie' nó 'Savoie' a tháirgeadh. Coigeartaítear na luachanna sin de réir shaintréithe na gcineálacha fíniúna a bheidh fós á n-úsáid, go háirithe na cineálacha Jacquère B agus Altesse B, agus fágann siad gur féidir bunfhíon a tháirgeadh atá íseal ó thaobh alcóil de ach atá fós sách bríomhar agus galánta.

Níor cuireadh an fhaisnéis sin leis an doiciméad aonair.

10. *Táirgeacht chun 'Crémant' a tháirgeadh*

Forlíonadh pointe 1 'Táirgeacht — An chéad táirgeadh fíniúnacha óga' de Roinn VIII de Chaibidil I chun an cineál fíona sin a áireamh agus chun an dlús plandaithe a chur san áireamh.

Tugadh pointe 5 den doiciméad aonair, 'Cleachtais fhíoneolaíocha', cothrom le dáta dá réir sin.

I Roinn VIII de Chaibidil I, cuireadh isteach pointe 4 nua dar teideal 'Forálacha sonracha le haghaidh fíonta atá incháilithe don tásc "Crémant"'.

Cloíonn an uastáirgeacht ag an bhfáisceán a leagtar amach i mír a) leis an riail a leagtar síos in Airteagal 66(5) de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant'.

Ar deireadh, maidir leis an uastáirgeacht ag an bhfáisceán, sainmhíníodh ráta 'brúite deiridh' i bpointe 4(b). Comhfhreagraíonn an 'brú deiridh' (*rebêches* i bhFraincis) don úrfhíon a fhaightear ag deireadh an phróisis brúite a théann níos faide ná toirt na huastáirgeachta a cheadaítear ag an bhfáisceán.

Níor leasaíodh an pointe sin den doiciméad aonair.

11. *Na fíonchaora a fháil agus brú chun 'Crémant' a tháirgeadh*

I Roinn IX de Chaibidil I, cuireadh mír nua (a) maidir le 'Crémant' le pointe 1. Leagtar amach inti na critéir maidir leis na fíonchaora a fháil, an brú, conas ba cheart an fáisceán a luchtú agus go háirithe conas ba cheart na fíonchaora a bhogadh, na súnna a dheighilt agus sláinteachas, d'fhonn cáilíocht na bhfíonchaor a áirithiú.

Bunaíodh foráil idirthréimhseach le haghaidh saoráidí glactha agus brúite atá ann cheana. Ceadaítear trí chrios iompair ar a mhéad idir an chéad siúit agus an brú, suas go dtí buaint 2017 agus an bhuaint sin san áireamh. Cuireadh an fhoráil sin isteach i bpointe 4 de Roinn XI de Chaibidil I.

Níor leasaíodh na pointí sin den doiciméad aonair.

12. *Cóimeáil chumaisc chun 'Crémant' a tháirgeadh*

I bpointe 1(b) de Roinn IX de Chaibidil I, sainíodh na coinníollacha chun na cineálacha fíniúna a chumasc chun suntasacht a thabhairt do Jacquère B agus Altesse B. An dá chineál sin ó Savoie, lena n-áirithítear sainiúlacht na bhfíonta ón limistéar geografach sin, ta siad an-oiriúnach do tháirgeadh fíonta ag a bhfuil coipeadh tánaisteach déanta sa bhuidéal. Trí chéatadán íosta Jacquère B a leagan síos, cuidítear le léiriú iomlán fhéiniúlacht Savoie a áirithiú agus fágann sé go bhfuil sé níos éasca idirdhealú a dhéanamh idir fíonta a bhfuil an tásc 'Crémant' orthu agus fíonta súilíneacha réigiúnacha eile. Chun borradh a chur faoi thionchar na rialacha sin ar shaintréithe na bhfíonta, tá céatadán na gcineálacha fíniúna deirge teoranta do 20 %.

Maidir leis na bardais i Roinn Haute-Savoie amháin, gabhann beart idirthréimhseach leis na rialacha sin, lena gcódaítear cleachtas a bhí solúbtha go dtí seo toisc go raibh sé bunaithe ar láithreacht neamhshainordaitheach agus neamhrialáilte go cainníochtúil na gcineálacha fíniúna údaraithe i bhfíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán. Beidh feidhm ag na rialacha ó bhuaint 2021 ar aghaidh.

Ní dhéanann na pointí sin difear don doiciméad aonair.

13. *Cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear i dtáirgeadh 'Crémant'*

I bpointe 1(e) de Roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, sonraíodh go bhfuil toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid i dtáirgeadh fíonta atá incháilithe don tásc 'Crémant'.

Cuireadh an fhoráil sin le pointe 5, 'Cleachtais fhíoneolaíocha' den doiciméad aonair.

Má shaibhrítear an t~úrfhíon as a ndéantar fíonta 'Crémant', tá an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte mar an gcéanna leis an neart a bhíodh i bhfeidhm i gcás fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán. Rinneadh leasú, áfach, maidir leis an gcéim ag a bhfuil an ceanglas táirgthe sin le seiceáil sa phróiseas táirgthe le haghaidh fíon súilíneach. Ní mór an tseiceáil sin a dhéanamh tar éis an choipthe thánaistigh agus sula gcuirtear an licéar dáileogachta isteach. Chuir an grúpa táirgeoirí an tseiceáil le haghaidh na míre sin san áireamh freisin i Roinn I de Chaibidil III den tsonraíocht táirge.

Tugadh pointe 4 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' den doiciméad aonair cothrom le dáta dá réir sin.

14. *Acmhainneacht fíonlainne chun 'Crémant' a tháirgeadh*

Forlíonadh pointe 1(g) de Roinn IX de Chaibidil I chun an cineál sin fíona a chur san áireamh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

15. *Forálacha a bhaineann go sonrach le táirgeadh 'Crémant'*

Le pointe 2 de Roinn IX de Chaibidil I bunaítear na coinníollacha maidir le táirgeadh fíonta 'Crémant', an coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, agus an fad ama atá na buidéil le coinneáil ar an moirt, i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún. Sonraíodh freisin nach mór na buidéil a dhéanamh as gloine agus go gcuirfear tús leis an mbuidéalú ón 1 Nollaig tar éis na buainte.

Áiríodh na rialacha maidir le coipeadh sa bhuidéal agus cá fhad atá na buidéil le coinneáil ar an moirt sa doiciméad aonair, faoi phointe 5 'Cleachtais fhíoneolaíocha' agus pointe 9 'Coinníollacha físor-riachtanacha eile'.

16. *Pacáistiú 'Crémant'*

I bpointe 3 de Roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, sonraíodh nach mór na fíonta a dhéanamh agus a chur ar an margadh sna buidéil chéanna ina dtarlaíonn an coipeadh tánaisteach, cé is moite d'fhíonta a dhíoltar i mbuidéil ina bhfuil toilleadh níos lú ná 37,5 ceintilítear nó cothrom leis sin nó níos mó ná 150 ceintilítear. Cuireadh ceanglas nua isteach freisin nach mór d'oibreoirí nós imeachta a bhunú chun an ciorcad buidéalaithe agus na hábhair phacáistíochta a ghlanadh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

17. *Stóráil 'Crémant'*

I bpointe 4 'Forálacha stórála' de Roinn IX de Chaibidil I, bunaíodh uasteocht le haghaidh an áitribh ina stóráiltear na buidéil 'ar racaí' le linn an phróisis fíonóireachta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

18. *'Crémant' a chur ar an margadh*

I bpointe 5(a) de Roinn IX de Chaibidil I, bunaíodh íostréimhse sular féidir fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant' a chur ar fáil do thomhaltóirí. Is é 12 mhí ar a laghad an ceanglas, ag comhaireamh ón dáta a dhéantar na fíonta a bhuidéalú.

Údaraítear an cleachtas 'remise en cercle' trínar féidir fíon buidéalaithe a athchumasc. Is éard atá i gceist leis sin fíon buidéalaithe a dhoirteadh ar ais isteach sna dabhcha. Déantar an íostréimhse aosaithe a chomhaireamh ón dáta a bhuidéalaítear an fíon arís. Áirítear na rialacha sin freisin i bpointe 5(a) de Roinn IX de Chaibidil I.

Leagtar amach i bpointe 5(b) na rialacha maidir le cúrsaíocht fíonta atá incháilithe don tásc 'Crémant' idir trádstórais údaraithe. Tá siad comhionann leo siúd a raibh feidhm acu roimhe seo maidir le fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

19. *Nasc leis an limistéar geografach*

Leasaíodh Roinn X de Chaibidil I den tsonraíocht táirge chun na hathruithe a rinneadh ar na rialacha a léiriú.

I bpointe 1(a), sonraítear i mír an críochú le haghaidh an limistéir gheografaigh i gcás fíonta a bhfuil an tásc 'Crémant' orthu.

I bpointe 1(b), cuireadh mír isteach chun a mhíniú gur forbraíodh fíonta súilíneacha mar thoradh ar athchoipeadh nádúrtha na siúcraí sna fíonta mar thoradh ar bhuidéalú na bhfíonta, cleachtas atá i bhfeidhm ó dheireadh an 19ú haois. Leagtar amach sa mhír dheireanach de phointe (b) na catagóirí fíona atá incháilithe don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Vin de Savoie' nó 'Savoie'. Leasaíodh é dá réir sin, mar aon le táirgeadh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán arna sloinneadh mar 'cols' (i.e. an líon buidéal).

Sa mhír maidir le fíonta socra i bpointe 2, sonraíodh príomhthréithe orgánaileipteacha na bhfíonta sin. Rinneadh an mhír maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a athdhréachtú chun míniú níos soiléire a thabhairt ar an difríocht idir na fíonta súilíneacha éagsúla ar ardchaighdeán. Soláthraíodh tuairisc níos iomláine maidir le dathanna, dea-bholadh agus blas na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach [forlíontach] 'Ayse'. Cuireadh mír isteach maidir leis na fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant', lena soláthraítear mionsonraí maidir lena dtréithe orgánaileipteacha éagsúla agus lena mínítear go ndéantar iad den chuid is mó as cumaisc de chineálacha áirithe fíniúna gile.

I bpointe 3, scriosadh an mhír dheireanach maidir le 'Fíonta socra' toisc go raibh an mhír chéanna le feiceáil cheana féin ag deireadh Roinn X.

Tar éis an chatagóir 'fíon leathshúilíneach' a scriosadh, athraíodh an teideal 'Fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha' go 'Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán'. Leagtar amach sa chéad mhír, nach dtagraíonn ach d'fhíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, saintréithe ginearálta na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a chumhdaítear leis an ainmniúchán seo.

Tugtar tuairisc sa mhír maidir le fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach [forlíontach] 'Ayse' ar an timpeallacht shonrach ina bhfástar an cineál dúchasach Gringet B. Dá bhrí sin, cuirtear i dtábhacht sa mhír seo an gaol idir gnéithe na timpeallachta nádúrtha uathúla sin, na láithreáin táirgthe arna roghnú ag na saothróirí fíniúna agus saintréithe na bhfíonta, atá nasctha go dlúth le carachtar an chineáil fíniúna sin.

Cuireadh isteach mír maidir leis na fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant'. Cuirtear i dtábhacht inti éagsúlacht na timpeallachta nádúrtha ina gcuirtear na cineálacha fíniúna, i gcomhréir leis an timpeallacht ithreach. Mínítear inti freisin tionchar na haeráide ar shaintréithe áirithe na bhfíonta. Tá na rialacha sonracha maidir le buaint agus fíonóireacht nasctha leis an gcaoi a léirítear cáilíochtaí na gcineálacha fíniúna sna fíonta. Tá ról tábhachtach ag an dá chineál fíniúna tromlaigh sna cumaisc maidir le húrnuacht agus féiniúlacht na bhfíonta Savoie sin.

Leasaíodh pointe 8 den doiciméad aonair, 'Nasc leis an limistéar geografach' dá réir sin.

20. *Ceanglais maidir le dearbhú*

Leasaíodh Roinn I de Chaibidil II den tsonraíocht táirge chun na rialacha táirgthe nua a chur san áireamh, rialacha a bhaineann le cuimsiú fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant' agus scriosadh na bhfíonta leathshúilíneacha.

Tá sé d'éifeacht ag na leasuithe sin athrú a dhéanamh ar na ceanglais a bhí i bhfeidhm roimhe seo sa phointe seo maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán. Cuireadh isteach freisin dhá ráiteas a thagraíonn go sonrach d'fhíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant', i bpointí 3 agus 7.

Rinneadh leasuithe eagarthóireachta ar roinnt de na forálacha faoin bpointe seo, amhail 'indicatif présent', an aimsir [láithreach tháscach] a chur in ionad cásanna inar úsáideadh an briathar 'devoir' [ní mór], a bhfuil cáilíocht shainordaitheach aici i reachtaíocht na Fraince. Ar deireadh, scriosadh na tagairtí d'fhíonta leathshúilíneacha.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

21. *Taifid a choinneáil*

Forlíonadh Roinn II de Chaibidil II, nach raibh aon fhoráil inti roimhe seo, chun trí thaifead shonracha a áireamh le haghaidh fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant'. Mar is amhlaidh leis na ceanglais maidir le dearbhú a luaitear thuas, tá sé beartaithe faireachán níos beaichte a chumasú ar chomhlíonadh na rialacha sonracha maidir le táirgeadh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

22. *Na príomhphointí atá le seiceáil agus modhanna meastóireachta*

Forlíonadh na ranna seo a leanas den tábla maidir le 'Príomhphointí atá le seiceáil agus modhanna meastóireachta' i gCaibidil III den tsonraíocht táirge: Rialacha struchtúracha, Rialacha a bhaineann leis an timthriall táirgthe, agus Rialuithe ar tháirgí. Meastar gurb iad na rialacha a cuireadh leis an tsonraíocht táirge le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán atá incháilithe don tásc 'Crémant' na príomhphointí atá le seiceáil toisc go bhfuil an ról is mó acu maidir le sainiúlachtaí an táirge a áirithiú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

23. *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC 'Vin de Savoie' nó 'Savoie' chun an dáta a d'fhormheas an t~údarás náisiúnta inniúil athrú ar an limistéar dáileachta talún críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgeachta a chur san áireamh. Déantar dáileachtaí talún a chríochú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgeachta a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun fíonchaora a bhaint atá beartaithe do tháirgeadh an táirge a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Is mar seo atá an fhoclaíocht sa leasú: I bpointe 2(a) de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, tar éis na bhfocal: '10 Meán Fómhair 2009', cuireadh na focail seo a leanas isteach: '12 Feabhra 2015'.

Tá an leasú seo ag teacht le formheas an chríochaithe dáileachta talún shonraigh le haghaidh an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Chignin-Bergeron'. Roimh an dáta sin a cuireadh isteach anois, d'fhéadfaí na fíonta sin a tháirgeadh áit ar bith sa limistéar dáileachta talún críochaithe le haghaidh ATFC 'Vin de Savoie' laistigh de na trí bhardas a áirítear sa limistéar geografach le haghaidh an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh sin. Go traidisiúnta, déantar fíonta ar a bhfuil an t~ainmniúchán 'Chignin-Bergeron' trí úsáid a bhaint as an gcineál fíniúna Roussanne B amháin, nach bhfástar ach san ainmniúchán geografach forlíontach sin agus atá oiriúnaithe do na dálaí áitiúla san fholimistéar sin arb iad fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas is saintréith dóibh. Leis an gcríochú sonrach sin, is féidir an cineál fíniúna Roussanne B a nascadh leis an *terroir* bunaithe ar a chumas oiriúnú don timpeallacht sin.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

24. *Dlús plandaithe*

Forlíonadh pointe 1(a) de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht táirge chun na rialacha a bhfuil feidhm shonrach acu maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse' a áireamh. Méadaíodh an dlús plandaithe íosta agus laghdaíodh an scaradh uasta idir sraitheanna fíniúna. Tá an limistéar fíonsaothrúcháin sin suite níos airde ná an meánairde le haghaidh fhíonghoirt ATFC 'Vin de Savoie'. Is limistéar é ina bhfuil suíomhanna maithe a bhfuil a n-aghaidh ó dheas, agus is é an cineál fíniúna Gringet B an cineál is mó atá sna fíniúnacha. Táirgeann na fíonghoirt sin fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán den chuid is mó. Comhfhreagraíonn na rialacha sonracha sin do chleachtais a chuir na saothróirí fíniúna i bhfeidhm cheana féin agus deimhnítear sainiúlacht an fholimistéir sin lena gcuimsiú sa tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

25. *Cumaisc de chineálacha fíniúna*

Leasaíodh pointe 1(b) 'Cumaisc de chineálacha fíniúna' de Roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht táirge. Mar gheall ar tháirgeadh leanúnach fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán le haghaidh an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh 'Ayse' amháin, bhí gá le hathruithe ar an gcumasc cineálacha fíniúna a cheadaítear. Tá íosmhéid 70 % de chineál fíniúna Gringet B, atá dúchasach don limistéar geografach le haghaidh an ainmniúcháin sin, agus a n-áirithíonn a shaintréithe úrnuacht na bhfíonta sin, sainordaitheach sa bhunfhíon a úsáidtear le haghaidh an choipthe thánaistigh. Cuirtear an luach nua seo don íoschéatadán in ionad an 50 % a leagadh amach roimhe seo i bpointe 2, Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht, lenar bunaíodh íoschéatadán an chineáil sin trí luach eile a chur in ionad an luacha níos sine (agus níos ísle) a bhí nasctha le híoschéatadán an chineáil sin ar an ngabháltas. Deimhnítear na cleachtais chumaisc leis an méid sin a chur isteach (pointe 2 de Roinn V den tsonraíocht táirge roimhe seo).

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

26. *Ábhar breise a chur isteach mar gheall ar fhormhaoirseacht eagarthóireachta*

I bpointe 1(e) de Roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, athraíodh an fhoclaíocht chun a chur leis nach mbeidh feidhm ag an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte i gcás fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse' ach amháin má tá an t~úrfhíon saibhrithe. Tharla sé sin mar gheall ar fhormhaoirseacht sa leagan den tsonraíocht táirge a bhí ann roimhe seo.

Cuireadh an mhír sin leis an doiciméad aonair faoi phointe 4 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

27. *Leasú a bhfuil athrú ar an litir i mír agus ar an teideal i gceist leis*

I bpointe 1 de Roinn IX de Chaibidil I, tá mír (g) anois ina mír (h) sa leagan atá ann faoi láthair den tsonraíocht táirge. Cuireadh an fhoclaíocht seo a leanas in ionad theideal mhír (h): 'Cothabháil a dhéanamh ar shiléir agus ábhair fíona'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

28. *Limistéar geografach*

I bpointe 1(a), (b), (c) agus (d) de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh an focal 'tarlaíonn' in ionad an fhocail 'déantar' agus cuireadh na focail 'ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020' isteach i ndiaidh na bhfocal 'na bardais seo a leanas'.

Leis an leasú deiridh sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2020 den Chód Geografach Oifigiúil, a fhoilsíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Tugadh liosta na mbardas ina bhfuil an limistéar geografach, lena n-áirítear a n-ainmneacha, cothrom le dáta, gan aon athrú a dhéanamh ar an teorainn, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi phointe 6 'Limistéar geografach sainithe'.

Cuireadh abairt le pointe 1 de Roinn IV freisin, ar abairt í ina mínítear go bhfuil léarscáileanna a chumhdaíonn an limistéar geografach ar fáil ar shuíomh gréasáin INAO.

29. *Limistéar díreach in aice láimhe*

I bpointe 3(a) de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht, cuireadh na focail 'ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020' isteach i ndiaidh na bhfocal 'na bardais seo a leanas'.

Leis an leasú eagarthóireachta sin is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a shainaithint faoi threoir leagan 2020 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE.

Leis an tagairt sin cuirtear deimhneacht dhlíthiúil ar fáil don sainmhíniú ar an limistéar atá díreach in aice láimhe.

Rinneadh liosta na mbardas sa limistéar atá díreach in aice láimhe, lena n-áirítear a n-ainmneacha, a thabhairt cothrom le dáta, gan athruithe a dhéanamh ar an teorainn, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Leasaíodh an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Coinníollacha breise'.

30. *Cineálacha fíniúna*

I bpointe 1 de Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh na cineálacha ar díol spéise iad chun críoch oiriúnaithe, is iad sin Bia B, Corbeau N, Dousset N, Hibou Noir N, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B, agus Pinot Gris G, le liosta na gcineálacha atá údaraithe chun na fíonta seo a leanas a tháirgeadh:

— Fíonta dearga socra agus fíonta *rosé* socra gan ainmniúchán geografach forlíontach: Corbeau N, Dousset N, Hibou Noir N agus Mondeuse Grise G

— Fíonta geala socra gan ainmniúchán geografach forlíontach: Bia B, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B agus Pinot Gris G

— Fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán: Bia B, Corbeau N, Dousset N, Hibou Noir N, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B agus Pinot Gris G

— Fíonta atá incháilithe don tásc 'Crémant': Bia B, Petite-Sainte-Marie B, Mondeuse Grise G, Pinot Gris G, Corbeau N, Dousset N agus Hibou Noir N

— Ainmniúchán geografach forlíontach 'Abymes' nó 'Les Abymes': Bia B, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B agus Pinot Gris G

— Ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Apremont', 'Cruet', 'Montmélian', 'Saint-Jeoire-Prieuré': Bia B, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B agus Pinot Gris G

— Fíonta geala socra ag a bhfuil ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Chautagne', 'Chignin', 'Jongieux': Bia B, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B agus Pinot Gris G

— Fíonta dearga socra ag a bhfuil ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Chautagne', 'Chignin', 'Jongieux': Corbeau N, Dousset N agus Hibou Noir N

— Ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Crépy', 'Marignan', 'Marin', 'Ripaille': Bia B, Mondeuse Grise G, Petite Sainte-Marie B agus Pinot Gris G

Chinn coiste inniúil náisiúnta na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) an rogha a údarú, maidir le hainmniúcháin a chuireann iarratas isteach, cineálacha ar díol spéise iad a thabhairt isteach chun oiriúnú don athrú aeráide nó d'ionchais shochaíocha maidir le táirgí cosanta barr a úsáid.

Is féidir leis na cineálacha fíniúna sin, a thagann ó réigiún Alpach ó dhúchas, a bheith ina sócmhainn i gcomhthéacs an téimh dhomhanda. Bíonn siad déanach ag aibiú agus dá bhrí sin oireann siad do tháirgeadh fíonta níos cothroime. Tá na cineálacha sin chomh frithsheasmhach ar a laghad in aghaidh galair leis na cineálacha atá údaraithe cheana féin faoin ainmniú. Tá sé i gceist freisin na cineálacha sin a thabhairt isteach chun cur le saintréithe na bhfíonta a chumhdaítear faoin ainmniú.

Ní bhaineann an leasú sin leis an doiciméad aonair.

Ba cheart a thabhairt dá aire, cé gur áiríodh Dousset N, Hibou Noir N, Mondeuse Grise G agus Petite Sainte-Marie B le foraithne sa liosta de chineálacha fíonchaor is féidir a phlandú, a athphlandú nó a bheangú chun fíon a tháirgeadh, go bhfuil siad in easnamh ar an liosta de chineálacha fíonchaor a mholtar in e-Ambrosia.

31. *Rialacha maidir le codanna plandaithe*

I bpointe 2 de Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht, cuireadh foráil isteach lena sonraítear go bhfuil cion na gcineálacha ar díol spéise iad chun críoch oiriúnaithe teoranta do 5 % de chineálacha fíniúna an ghabháltais.

Ní bhaineann an leasú sin leis an doiciméad aonair.

32. *Dlús plandaithe*

Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad phointe 1(a) 'Forálacha ginearálta' de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht táirge:

Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús íosta na bhfíniúnacha san fhíonghort. Is é 2,50 méadar nó níos lú an scaradh idir na sraitheanna. Is é 0,80 méadar ar a laghad an scaradh plandaí sa tsraith chéanna.

Maidir le fíniúnacha a bhfuil dlús plandaithe acu atá cothrom le 6 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó, is é 0,70 méadar ar a laghad an scaradh plandaí sa tsraith chéanna.

Rinneadh an fhoclaíocht bhunaidh a athdhréachtú gan an riail a athrú.

Cuireadh riail nua isteach, rud a fhágann gur féidir úsáid fíniúnacha ag a bhfuil dlús plandaithe níos mó ná an dlús íosta a choinneáil san ainmniúchán, ach ar fíniúnacha iad, mar gheall ar an dlús sin, a phlandaítear le scaradh plandaí idir 0,70 agus 0,80 méadar sa tsraith chéanna.

Leasaíodh pointe 5 'Cleachtais fhíoneolaíocha' den doiciméad aonair.

33. *Cumaisc de chineálacha fíniúna*

I bpointe 1(b) de Roinn IX de Chaibidil I, cuireadh foráil isteach a fhágann nach bhféadfaidh cineálacha ar díol spéise iad chun críche oiriúnaithe a bheith, le chéile nó ar leithligh, ina gcúis le níos mó ná 10 % de chumasc deiridh na bhfíonta.

Ní bhaineann an leasú sin leis an doiciméad aonair.

34. *Cúrsaíocht idir trádstórais údaraithe*

Scriosadh pointe 5(b) de Roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht, maidir leis an dáta ónar féidir na fíonta a iompar idir trádstórais údaraithe.

Chun go bhféadfar fíon a aistriú go luath, go háirithe chuig trádálaithe, scriosadh an dáta ónar féidir fíonta a bhogadh idir trádstórais údaraithe.

Leasaíodh teideal phointe 5 de Roinn IX trí na focail 'iompar táirgí agus' a bhaint.

Scriosadh teideal phointe 5(a) de Roinn IX.

Ní dhéanann na leasuithe sin ar an tsonraíocht difear don doiciméad aonair.

35. *Bearta idirthréimhseacha*

Scriosadh pointe 2 de Roinn XI de Chaibidil I. Tá an beart idirthréimhseach maidir le modhanna treoraithe fíniúnacha (forálacha maidir le forálacha i ndáil le dlús plandaithe íosta) imithe in éag.

Ní dhéanann na leasuithe sin ar an tsonraíocht difear don doiciméad aonair.

36. *Tagairtí don chomhlacht cigireachta*

I Roinn II de Chaibidil III den tsonraíocht táirge, tugadh seoladh an chomhlachta cigireachta cothrom le dáta.

Leasaíodh foclaíocht an dara mír agus scriosadh an tríú mír chun na rialacha nua maidir le dréachtú a leagtar amach i bpointe II a léiriú.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Vin de Savoie / Savoie

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionnta)**

1. *Fíonta geala socra nach bhfuil tásc ar an gcineál finiúna acu*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn na fíonta geala, a mbíonn dath idir buí éadrom agus buí órga orthu, mín agus úr agus bíonn leibhéil éagsúla maothlachais agus raoin acu. Is minic a chuireann siad boilgeoga i láthair agus iad óg mar gheall ar a stóráil ar mhoirt mhín. Bíonn dea-bholaithe de bhláthanna agus de thorthaí orthu.

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

—

2. *Fíonta geala socra ar a bhfuil tásc an chineáil finiúna Chardonnay B*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

13

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

10

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

3. *Fíonta geala socra ar a bhfuil tásc an chineáil fíniúna Jacquère B*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

11,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

8,5

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

4. *Fíonta geala socra ar a bhfuil tásc ar an gcineál fíniúna seachas Chardonnay B nó Jacquère B*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) iontu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

5. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Abymes' nó 'Les Abymes', nó 'Apremont'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) iontu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

6. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Chautagne', 'Chignin', nó 'Cruet'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

7. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Jongieux' nó 'Montmélian'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

8. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Saint-Jeoire-Prieuré'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

9. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse', 'Crépy', nó 'Marignan'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9,5

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

—

10. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Marin' nó 'Ripaille'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9,5

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

11. *Fíonta geala socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Chignin-Bergeron'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2 ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

13

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

10

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

—

12. *Fíonta dearga socra nach bhfuil tásc ar an gcineál fíniúna acu*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath dearg an rúibín, dúdhearg uaireanta, caordhearg nó scothchorcra ar na fíonta dearga, go háirithe leis an gcineál Mondeuse N.

Is minic a bhíonn torthaí dearga agus dubha le brath ar an mboladh, agus bíonn mionbholaithe spíosracha agus piobaracha orthu uaireanta.

Tá na fíonta a dhéantar as cineál Mondeuse N struchtúrtha, tainneach agus tathagach agus iad fós bríomhar. Bíonn fíonta a dhéantar as Gamay N nó Pinot N níos boige, le struchtúr galánta agus tainniní níos ísle.

Ní bhíonn an cion aigéid mhalaigh sna fíonta dearga níos mó ná 0,4 g in aghaidh an lítir tráth an phacáistithe.

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

13. *Fíonta dearga socra ar a bhfuil tásca an chineáil fíniúna Gamay N nó Pinot Noir N*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní bhíonn an cion aigéid mhalaigh sna fíonta dearga níos mó ná 0,4 g in aghaidh an lítir tráth an phacáistithe.

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9,5

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

14. *Fíonta dearga socra a bhfuil tásca ar an gcineál fíniúna orthu seachas Gamay N nó Pinot Noir N*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní bhíonn an cion aigéid mhalaigh sna fíonta dearga níos mó ná 0,4 g in aghaidh an lítir tráth an phacáistithe.

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

15. *Fíonta dearga socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Arbin' nó 'Saint-Jean-de-la-Porte'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9,5

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

16. *Fíonta dearga socra ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Chautagne', 'Chignin', nó 'Jongieux'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

13

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

10

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

—

17. *Fíonta* rosé *socra nach bhfuil tásc ar an gcineál fíniúna orthu nó ar a bhfuil tásca an chineáil fíniúna Gamay N nó Pinot Noir N*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath gléineach ar na fíonta *rosé*, idir bándearg éadrom agus bándearg an-éadrom, agus bíonn mionbholaithe de bhláthanna le brath sa bholadh go minic. Úr sa bhéal, tá mionbhlasanna sainiúla citris agus torthaí dearga orthu.

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 5 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9,5

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

18. *Fíonta* rosé *socra ar a bhfuil tásca ar an gcineál fíniúna seachas Gamay N nó Pinot Noir N*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Na fíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó le pacáistiú, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 5 ghram in aghaidh an lítir iontu.

Tá feidhm ag na caighdeáin dá bhforáiltear i rialacháin ghinearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

12

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

19. *Fíonta súilíneacha* rosé *ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn na fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, a mbíonn dath idir bándearg éadrom agus bándearg an-éadrom orthu, úr agus éadrom mar gheall ar chion íseal alcóil agus beogacht na gcineálacha fíniúna a úsáidtear ina dtáirgeadh. Bíonn dea-bholaithe torthaíocha le brath sa bholadh agus sa bhlas, rud a chuireann leis an raon blasanna.

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta 9 % de réir toirte a bheith ag bunfhíonta atá beartaithe chun fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Má shaibhrítear an t~úrfhíon, níor cheart an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an choipthe thánaistigh agus roimh an dímhoirtiú a bheith níos mó ná 13 %.

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta, cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta, méid siúcra i gcás fíon atá incháilithe don tásc 'Crémant', agus maidir leis an gcion dé-ocsaíde carbóin.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

13

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

20. *Fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse', bíonn dath buí éadrom le himireacha órga ar na fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán. Maidir leis an mboladh agus an blas, is de bhláthanna bána iad na mionbholaithe bláthanna, rud atá curtha le himireacha torthaí aibí, torthaí triomaithe agus spíosraí. Tá beogacht shainiúil ag na fíonta sin sa bhéal, rud a fhágann go mbíonn siad cothrom agus galánta.

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta 9 % de réir toirte a bheith ag bunfhíonta atá beartaithe chun fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse' a tháirgeadh.

Má shaibhrítear an t~úrfhíon, níor cheart an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith níos mó ná 13 %.

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta, cion iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair, méid siúcra i gcás fíon súilíneach ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse', agus maidir leis an gcion dé-ocsaíde carbóin.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

13

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

21. *Fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is as cumaisc fíniúna gile den chuid is mó a dhéantar fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant'. Is iad na cineálacha fíniúna gile sin a fhágann go bhfuil na fíonta sin an-úr, an-bhríomhar agus an-éadrom.

Bíonn dath éadrom orthu ó thaobh cuma de agus bíonn bolgáin mhíne leanúnacha acu. Tá siad galánta, léiritheach agus oscailte ó thaobh an bholaithe de, le raon dea-bholaithe bláthanna, mianracha agus torthaíocha. Bíonn iarbhlas mianrach sách úr orthu sa bhéal.

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta 9 % de réir toirte a bheith ag bunfhíonta atá beartaithe chun fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant' a tháirgeadh.

Má shaibhrítear an t~úrfhíon, níor cheart an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an choipthe thánaistigh agus sula gcuirtear an licéar dáileogachta isteach a bheith níos mó ná 13 %.

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir leis an Aigéadacht iomlán íosta:, aigéadacht luaineach uasta, cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta, méid siúcra i gcás fíon atá incháilithe don tásc 'Crémant', agus maidir leis an gcion dé-ocsaíde carbóin.

SAINTRÉITHE ANAILÍSEACHA GINEARÁLTA

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):

13

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):

9

Aigéadacht iomlán íosta:

i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

—

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):

—

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Táirgeadh fíonta dearga agus *rosé*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Toirmisctear gualach fíonóireachta a úsáid i ndéantús na bhfíonta *rosé*, cibé acu ina aonar nó measctha in ullmhóidí.

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tiúchan pháirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear.

2. Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Déantar fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán trí choipeadh tánaisteach sa bhuidéal.

Maidir le táirgeadh fíonta atá incháilithe don tásc 'Crémant': ní mór na fíonchaora a bheith iomlán nuair a dhoirtear isteach san fháisceán iad agus toirmisctear sliseanna adhmaid a úsáid.

3. Bainistiú fíonghort

An modh saothraithe

— Dlús plandaithe.

Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús íosta na bhfíniúnacha san fhíonghort. Is é 2,50 méadar nó níos lú an scaradh idir na sraitheanna. Is é 0,80 méadar ar a laghad an scaradh plandaí sa tsraith chéanna. Maidir le fíniúnacha a bhfuil dlús plandaithe acu atá cothrom le 6 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó, is 0,70 méadar ar a laghad é an scaradh plandaí sa sraith chéanna.

— Rialacha maidir le prúnáil.

Tagann na fíonta ó fhíniúnacha a phrúnáiltear ar bhonn bliantúil:

— Prúnáil ghearr (cuachphrúnáil, feanphrúnáil, prúnáil Royat) lena ngabhann ceithre spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. Nuair a dhéantar dáileacht fíonghoirt a athnuachan trí úsáid a bhaint as prúnáil Royat, ní mór an líon bachlóg in aghaidh an phlanda a bheith níos lú ná 8 gcinn nó cothrom leis an líon sin.

— I bprúnáil fhada (prúnáil Guyot shingil nó prúnáil Guyot dhúbailte), is é 12 bhachlóg in aghaidh na fíniúna an t~uasmhéid a cheadaítear, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas: Cineál Gamay N, nár cheart d'uaslíon na mbachlóg in aghaidh na fíniúna a bheith níos mó ná 10; Chardonnay B, nár cheart d'uaslíon na mbachlóg in aghaidh na fíniúna a bheith níos mó ná 16 nuair atá na cánaí fada torthúcháin mar áirse trí úsáid a bhaint as an teicníc 'arcure du long bois'; agus Mondeuse N, nár cheart d'uaslíon na mbachlóg in aghaidh na fíniúna a bheith níos mó ná 6.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta dearga

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta *rosé*, fíonta geala, fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán

78 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant', fíniúnacha ag a bhfuil dlús plandaithe 5 500 planda in aghaidh an heicteáir ar a laghad

83 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Fíonta ar a bhfuil an tásc ‘Crémant’, fíniúnacha ag a bhfuil dlús plandaithe idir 5 000 agus 5 500 planda in aghaidh an heicteáir

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Fíonta ar a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ‘Abymes’ nó ‘Les Abymes’, ‘Apremont’, ‘Crépy’ nó ‘Cruet’

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Fíonta ar a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ‘Marignan’, ‘Marin’ nó ‘Montmélian’

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Fíonta ar a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ‘Ripaille’ nó ‘Saint-Jeoire-Prieuré’

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Fíonta ar a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ‘Arbin’ nó ‘Saint-Jean-de-la-Porte’

69 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Fíonta geala ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach ‘Ayse’

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach ‘Ayse’

78 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Fíonta geala ar a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ‘Chautagne’, ‘Chignin’, nó ‘Jongieux’

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. Fíonta dearga ar a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha ‘Chautagne’, ‘Chignin’, nó ‘Jongieux’

69 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Fíonta ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach ‘Chignin-Bergeron’

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach sainithe**

(a) I gcás na bhfíonta dearga agus *rosé*, ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh agus a fhorbairt; agus i gcás na bhfíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú laistigh de chríoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Ain: Corbonod agus Seyssel;

— Roinn Isère: Chapareillan;

— Roinn Savoie: Apremont, Arbin, Barby, Billième, Le Bourget-du-Lac, Brison-Saint-Innocent, Challes-les-Eaux, Chanaz, Chignin, Chindrieux, Cruet, Entrelacs (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Saint-Germain-la-Chambotte, agus an chuid sin amhain), Fréterive, Jongieux, Lucey, Montmélian, Motz, Myans, Porte-de-Savoie, Ruffieux, Saint-Alban-Leysse, Saint-Baldoph, Saint-Jean-de-Chevelu, Saint-Jean-de-la-Porte, Saint-Jeoire-Prieuré, Saint-Pierre-d’Albigny, Serrières-en-Chautagne agus Yenne;

— Roinn Haute-Savoie: Ayze, Ballaison, Bassy, Bonneville, Challonges, Chaumont, Chessenaz, Clarafond-Arcine (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Clarafond, agus an chuid sin amháin), Desingy, Douvaine, Franclens, Frangy, Loisin, Marignier, Marin, Massongy, Musièges, Publier, Sciez, Seyssel, Thonon-les-Bains, Usinens, Vanzy agus Ville-la-Grand.

(b) I gcás fíonta geala, ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta geala a dhéanamh agus a fhorbairt sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Isère: Chapareillan;

— Roinn Savoie: Apremont, Arbin, Barby, Billième, Le Bourget-du-Lac, Brison-Saint-Innocent, Challes-les-Eaux, Chanaz, Chignin, Chindrieux, Cruet, Entrelacs (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Saint-Germain-la-Chambotte, agus an chuid sin amhain), Fréterive, Jongieux, Lucey, Montmélian, Motz, Myans, Porte-de-Savoie, Ruffieux, Saint-Alban-Leysse, Saint-Baldoph, Saint-Jean-de-Chevelu, Saint-Jean-de-la-Porte, Saint-Jeoire-Prieuré, Saint-Pierre-d'Albigny, Serrières-en-Chautagne agus Yenne;

— Roinn Haute-Savoie: Ayze, Ballaison, Bassy, Bonneville, Challonges, Chaumont, Chessenaz, Clarafond-Arcine (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Clarafond, agus an chuid sin amháin), Desingy, Douvaine, Franclens, Frangy, Loisin, Marignier, Marin, Massongy, Musièges, Publier, Sciez, Seyssel, Thonon-les-Bains, Usinens, Vanzy agus Ville-la-Grand.

(c) Fíonta atá incháilithe don tásc 'Crémant':

- Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aosú sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Haute-Savoie: Ballaison, Bassy, Challonges, Chaumont, Chessenaz, Clarafond-Arcine (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Clarafond, agus an chuid sin amháin), Desingy, Douvaine, Franclens, Frangy, Loisin, Marin, Massongy, Musièges, Publier, Sciez, Thonon-les-Bains, Usinens, Vanzy agus Ville-la-Grand;

— Roinn Isère: Chapareillan;

— Roinn Savoie: Apremont, Arbin, Barby, Billième, Le Bourget-du-Lac, Brison-Saint-Innocent, Challes-les-Eaux, Chanaz, Chignin, Chindrieux, Cruet, Entrelacs (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Saint-Germain-la-Chambotte, agus an chuid sin amháin), Fréterive, Jongieux, Lucey, Montmélian, Motz, Myans, Porte-de-Savoie, Ruffieux, Saint-Alban-Leysse, Saint-Baldoph, Saint-Jean-de-Chevelu, Saint-Jean-de-la-Porte, Saint-Jeoire-Prieuré, Saint-Pierre-d'Albigny, Serrières-en-Chautagne agus Yenne.

Féadfar na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú freisin sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Ain: Corbonod, Seyssel agus Peyrieu;

— Roinn Haute-Savoie: Seyssel.

(d) Maidir le gach ceann de na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha, i gcás na bhfíonta geala agus dearga, ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh agus a fhorbairt; agus i gcás na bhfíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán, ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú laistigh de chríoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Ainmniúchán geografach forlíontach 'Abymes' nó 'Les Abymes': Apremont (cuid), Chapareillan, Myans, Porte-de-Savoie (i gcuid de chríoch iarbhardas Les Marches amháin)

— Ainmniúchán geografach forlíontach 'Apremont': Apremont (cuid), Porte-de-Savoie (i gcuid de chríoch iar-bhardas Les Marches amháin), Saint-Baldoph (cuid)

— Ainmniúchán geografach forlíontach 'Arbin': Arbin, Cruet (cuid), Montmélian (cuid)

— Ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayze': Ayze, Bonneville, Marignier

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Chautagne’: Chindrieux, Motz, Ruffieux, Serrières-en-Chautagne

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Chignin’: Chignin

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Chignin-Bergeron’: Chignin, Montmélian, Porte-de-Savoie (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Francin, agus an chuid sin amháin)

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Crépy’: Ballaison, Douvaine, Loisin

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Cruet’: Cruet

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Jongieux’: Billième, Jongieux, Lucey, Saint-Jean-de-Chevelu, Yenne

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Marignan’: Sciez

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Marin’: Marin, Publier

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Montmélian’: Montmélian, Porte-de-Savoie (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Francin, agus an chuid sin amháin)

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Ripaille’: Thonon-les-Bains

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Saint-Jean-de-la-Porte’: Saint-Jean-de-la-Porte

— Ainmniúchán geografach forlíontach ‘Saint-Jeoire-Prieuré’: Saint-Jeoire-Prieuré

Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin INAO.

7. **Príomhchineál/príomhchineálacha fíonchaor**

Aligoté B

Altesse B

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Chardonnay B

Chasselas B

Etraire de la Dui N

Gamay N

Gringet B

Jacquère B

Joubertin

Marsanne B

Molette B

Mondeuse N

Mondeuse Blanche B

Persan N

Pinot Noir N

Roussanne B

Roussette d'Ayze B

Servanin N

Velteliner Rouge Précoce Rs

Verdesse B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Eagraítear fíonghoirt Savoie i leathchiorcal ar bhunchnoic mhasaíf na nAlp, ó Thonon-les-Bains, sa tuaisceart, ar an taobh thiar de Albertville sa deisceart, ag dul trí Frangy, feadh Loch Bourget, ó dheas ó Chambéry go hailt Combe de Savoie.

Tá 56 bhardas sa limistéar geografach atá lonnaithe i Ranna Savoie, Haute-Savoie, Ain, agus in imeall thuaidh Isère.

Maidir le táirgeadh fíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant', tá 54 bhardas sa limistéar geografach atá lonnaithe sna ranna céanna, cé is moite de na bardais a chruthaíonn an limistéar geografach don ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse'.

Tá roinnt staideanna geolaíocha an-éagsúil i bhfíonghoirt Savoie:

— bunchnoic Savoie, a chomhfhreagraíonn don log mór pear-alpach, a chumhdaítear le sil-leagain mholáis (sil-leagain mhuirí arb é creimeadh na nAlp sa ré Threasach is cúis leo), agus is minic a bhíonn sil-leagain thuiltrí níos déanaí os cionn na sil-leagan sin nó bíonn siad creimthe ag oighearshruthanna Ceathartha, mar is léir ó Loch na Ginéive nó Loch Bourget;

— Loig Iúrasacha atá leabaithe i sil-leagain mholáis lena bhfoirmítear na sléibhte is faide siar den mhasaíf (Dent du Chat, Chautagne), agus lena ngabhann treoshuíomh ginearálta thuaidh-theas;

— na gleannta agus na logcheantair a ghearrann trí na hAlpa aolchloiche (Gleann Arve, Gleann Chambéry agus ailt Combe de Savoie).

Tá na dáileachtaí talún atá críochaithe go cúramach ina mbuaintear na fíonchaora suite ar fhoirmíochtaí geolaíocha a rinneadh le déanaí go comparáideach mar thoradh ar dhianchreimeadh na masaífe Alpaí, atá fós ar siúl sa lá atá inniu ann:

— tuiltreach Cheathartha ghainimh agus ghairbhéil arna sil-leagan ag na haibhneacha meara Alpacha (Ripaille, Marin);

— moiréin oighreach a théann siar go dtí an Ceathartha luath, lena gcruthaítear sil-leagain ar fhánaí píodmantacha nó ar bhallaí gleannta (Marignan, Crépy, Chautagne, Seyssel, etc.);

— scileach iar-oighreach ag bun na sléibhte (Chignin, Combe de Savoie, Ayze, etc.);

— sil-leagain mholáis threasacha (Frangy, Chautagne);

— foshraitheanna ó thitim Mont-Granier, a tharla mar thoradh ar sciorradh talún 1248 agus ar mheascadh marlaí (aolchloch chréúil) agus aolchloch de chuid na Tréimhse Cailcí (Abymes).

Tá lomáin áitiúla carraigeacha níos sine ann freisin nach bhfuil clúdaithe ag sil-leagain a tharla le déanaí, go háirithe marlaí agus aolchlocha de chuid na Tréimhse Iúrasaigh Dhéanaigh (Arbin, Jongieux).

Tá aeráid mhuirí ann sa réigiún, a bhfuil tionchar ag gaoth aniar uirthi, gaoth a fhágann go bhfuil bogthaise agus athruithe measartha teochta le brath. Bíonn sé faoi réir tionchair ilchríochacha agus dheisceartacha freisin, áfach. Tugann an ghaoth aduaidh fuacht thirim isteach ó am go chéile. Bíonn dálaí cineálta ag baint leis an ngaoth aneas. Déanann an topagrafaíocht difear do na tionchair sin.

Na fíonghoirt ar aghaidh thiar mhasaíf na nAlp, faigheann siad a lán báistí, i gcónaí níos mó ná 1 000 milliméadar in aghaidh na bliana.

Treisítear an bhogthaise a bhaineann leis an aeráid trí bhíthin cúltacaí uisce a bheith ann (i bhfoirm lochanna, sneachta agus oighir), agus iad ina bhfoinsí le haghaidh mórlíonra buan hidreagrafach.

Bíonn an ghrian ag taitneamh ar feadh thart ar 1 600 uair an chloig sa bhliain, agus bíonn fómhar te ann.

Tá aghaidh na bhfíonghort ó dheas, soir ó dheas nó siar, agus iad ar airdí idir 250 m agus 500 m.

Is iad na heilimintí sin – topagrafaíocht, airde, treoíocht, éagsúlacht sa teocht de réir airde – a chinneann an iliomad nideog aeráide ar laistigh díobh atá na fíonghoirt suite i ndáileachtaí talún de mhéideanna éagsúla.

8.2. *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc geografach*

Is féidir saothrú fíniúnacha a rianú siar go dtí an tréimhse Ghallóise-Rómhánach a bhuí le saothair na n-údar Rómhánach Lucius Junius Moderatus Columella agus Plinias Mór.

Ó na Meánaoiseanna go dtí an 19ú haois, tugtar tuairisc i gcuntais taistealaithe agus i dtuarascálacha oifigiúla ar fhíonghoirt a bheith sna gleannta.

Mar gheall ar bhunú Chadastar na Sairdíne ag an Rí Victor Amadeus II in Savoie ó 1728, coinníodh taifid ar dháileadh sóisialta agus ar luach na bhfíonghort.

In 1774, d'fhoilsigh A. Costa de Beauregard aiste ar thalmhaíocht inar thug sé tuairisc ar fhíonsaothrú sa limistéar áitiúil.

In 1884, bhain na fíonghoirt a mbuaicphointe amach le 21 143 heicteár ag táirgeadh 504 943 heictilítear. Ba bheag nár chuir géarchéim Fiollocsaeire deireadh leo.

Nuair a cuireadh tús le buidéalú na bhfíonta ag deireadh an 19ú haois, thosaigh na chéad fhíonta súilíneacha ag teacht chun cinn mar thoradh ar athchoipeadh nádúrtha na siúcraí atá sna fíonta. Lean na táirgeoirí ar aghaidh chun an modh a bheachtú, bunaithe go háirithe ar theicníc an choipthe thánaistigh sa bhuidéal. D'fhéadfadh roinnt oibreoirí na fíonta a choinneáil ar racaí ar feadh níos mó ná bliain amháin. Mar thoradh ar roinnt de na cineálacha fíniúna áitiúla, amhail Jacquère B agus Altesse B, bíonn fíonta bríomhara ann ina bhfuil cion íseal alcóil. Tá siad sin an-oiriúnach do tháirgeadh fíonta súilíneacha agus bhí an-tóir ag oibreoirí ar a gcumaisc bunfhíona toisc go léiríonn siad féiniúlacht fhíonta 'Savoie'.

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, tháinig saothróirí fíniúna beaga an réigiúin le chéile le haghaidh claochlú cáilíochtúil a bhí beartaithe chun a modhanna saothraithe agus táirgthe a nuachóiriú. Dá bhrí sin, bhunaigh táirgeoirí aontais áitiúla agus réigiúnacha, agus Cónaidhm na Sár-Fhíonta ar Ardchaighdeán ina dhiaidh sin in 1945 le hainmniúcháin tionscnaimh 'Savoie-Lyonnais', arb í an sindeacáit réigiúnach le haghaidh fhíonta 'Savoie' an toradh a bhí air. Bunaíodh trí shiléar chomhoibritheacha (Montmélian, Cruet agus Chautagne) in Savoie.

Ón tráth a aithníodh é mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe in 1973, tá forbairt déanta ar an réigiún fíonsaothrúcháin agus, ag an am céanna, tá a mhodhanna saothraithe traidisiúnta coinnithe ar bun aige.

Saintréith d'fhíonta ATFC 'Savoie' is ea raon leathan cineálacha fíniúna, lena léirítear éagsúlacht na ndálaí áitiúla ar oiriúnaigh na cineálacha dóibh: Chasselas B (beagnach go heisiach ar bhruacha Loch na Ginéive), Gringet B (ar feadh Ghleann Arve), Jacquère B (i scornach Chambéry), Roussanne B (in Chignin, ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas), Mondeuse N (in ailt Combe de Savoie), Gamay N (in Chautagne), chomh maith le Pinot Noir N, Molette B, agus Altesse B. Le cois obair na saothróirí fíniúna, tá tionscal rathúil tar éis forbairt timpeall plandlanna atá lonnaithe i limistéar Combe de Savoie. Le fada an lá, tá na plandlanna sin dírithe ar oidhreacht plandaí áitiúil a chur chun cinn agus a chaomhnú ina hiomláine.

Dá bhrí sin, áirítear le ATFC 'Savoie' fíonta socra geala, dearga agus *rosé*, fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, agus fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant'. In 2009, táirgeadh i limistéar fíonsaothrúcháin 'Savoie' 110 000 heictilítear, lena n-áirítear 500 000 buidéal d'fhíon súilíneach ar ardchaighdeán.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha le haghaidh fíonta socra*

Mar thoradh ar na sliabhraonta sa réigiún, lena gcruthaítear gnéithe éagsúla agus sruthanna sonracha aeir (gaotha gleannta, sruthanna aeir ardaitheacha) in éineacht le dlúthlíonra hidreagrafach (lochanna, athsceití, aibhneacha), bíonn fíonghoirt i suíomhanna ar thaobh an chnoic, ar urlár an ghleanna agus ar thaobh an locha lena gcruthaítear 'oileáin' de mhéideanna éagsúla.

Tá an fíonsaothrú le feiceáil go soiléir sa tírdhreach, ina bhfuil meascán de dháileachtaí beaga talún atá críochaithe go cúramach. Tá na fánaí géara breac le foirgnimh bheaga thraidisiúnta ar a dtugtar 'sartots' (foirgnimh thuathúla, iad grúpáilte le chéile nó leithlisithe, tógtha isteach sna fánaí agus a úsáidtear chun fíon a stóráil agus mar áit chun cónaí ann sa samhradh).

Dá bhrí sin, is é príomhghné réigiún fíonsaothrúcháin 'Savoie' an raon táirgí ó na 'oileáin' éagsúla sin a eascraíonn as an idirghníomhú den scoth idir an mhéas-aeráid, na hithreacha agus na cineálacha fíniúna.

Tá réigiún Loch na Ginéive, mar shampla, ina bhfuil sil-leagain mhoiréin Cheathartha agus ghláracha ar fhánaí a bhfuil a n-aghaidh siar go siar ó thuaidh, an-oiriúnach chun príomh-shaintréithe chineál Chasselas B a léiriú i bhfíonta geala tirime. Cruthaítear na fánaí géara, grianmhara, a bhfuil a n-aghaidh ó dheas idir Chignin agus Montmélian le haolchloch cosúil le scileach agus aolchloch mharla ón tréimhse Iúrasach Dhéanach, leagtha anuas ar bharr na buncharraige aolchloiche marla nó, ar na fánaí íochtaracha, thar shil-leagain mhoiréin nó throma. Cuireann na cineálacha ithreach agus na gnéithe ithreach sin ar chumas chineál Roussanne B an chastacht a bhaineann le fíon níos aosaithe a chur in iúl. Ar an gcaoi chéanna, cé go n-aimsítear cineálacha Gamay N agus Pinot Noir N go coitianta ar chnoic mhoiréin agus ar ardchláir mhoiréin, rud a fhágann go mbíonn fíonta láidre dea-struchtúrtha ann a bhfuil dathanna doimhne geala orthu, tá an cineál Mondeuse N níos déine teoranta do na fánaí atá cumhdaithe le scileach mín ón tréimhse Iúrasach, a mbíonn comhpháirt aolchloiche ard agus soláthar comhsheasmhach uisce acu de ghnáth. Dá bhrí sin, is é an toradh a bhíonn ar chineál Mondeuse fíonta soladacha a mbíonn dath domhain orthu agus atá 'righin' agus an-oiriúnach d'aosú.

Chuidigh an cineál crua Jacquère B, a fhásann go maith in ithreacha fionnuara doimhne, leis an anord geolaíoch a fháil ar ais a cruthaíodh nuair a thit sliabh aolchloiche Mont Granier. Dá bhrí sin, cuireann an fíon meascán de na heilimintí sin ar fáil, rud a fhágann blas de mhianracht ar leith sa bhéal chomh maith le blasanna úra agus bláthanna.

Ar bhealach eile, éilíonn cineál Altesse B suíomh ar thaobh na gcnoc agus droch-ithreacha cré-aolchloiche nó ithreacha cré-aolchloiche dea-dhraenáilte ina bhfuil céatadán íseal cré agus atá nochta ó dheas/siar ó dheas. Dá bhrí sin, is é an toradh a bhíonn ar chineál Altesse B fíonta boga míne ar a bhfuil mionbhlasanna sailchuaiche agus dea-bholaithe cnónna coill, meala agus almóinne milse.

Agus aghaidh á tabhairt acu ar an dúshlán a bhaineann le buaint mheicniúil i bhfíonghoirt ar thaobh na gcnoc, díríonn saothróirí fíniúna ar theicnící saothraithe fíniúna amhail díbhachlú, glasbhuaint, baint duilleog agus cleachtais eile atá beartaithe chun inbhuanaitheacht a áirithiú. Fágann na teicnící sin gur féidir neart agus táirgeacht na bhfíniúnacha a rialú. Cuidíonn siad freisin le stádas sláinte na bhfíonchaor a fheabhsú.

Tar éis na fíonchaora a bhuain ag an gcéim cheart aibíochta, bíonn méid suntasach oibre i gceist leis an bpróiseas fíonóireachta le gach cineál fíniúna (príomhchineál agus cineál tánaisteach) d'fhonn fíonta dea-chothromaithe a fháil.

8.4. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Táirgtear na fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán faoi na dálaí céanna agus tá feidhm ag na mínithe a thugtar thuas maidir leis na táirgí a eascraíonn astu freisin.

De ghnáth, leis na héagsúlachtaí sna hamanna aibithe is fearr le haghaidh na gcineálacha fíniúna, ceanglaítear ar dhéantóirí fíona gach cineál a choinneáil ar leithligh sa phróiseas fíonóireachta. Leis an saineolas a d'fhorbair siad, is féidir leo na cumaisc a bhainistiú chun méid áirithe comhsheasmhachta agus cothromaíochta a áirithiú idir aigéadacht agus torthaíocht na bhfíonta, ag brath ar bhliain an fhíona.

Díorthaíonn na fíonta ar a bhfuil an t~ainmniúchán geografach forlíontach 'Ayse' a n-úrnuacht ó shaintréithe Gringet B, cineál a bhachlaíonn go déanach atá dúchasach do Ghleann Arve a fhásann go maith ar na fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas agus a bhfuil masaíf Mont Blanc os a gcomhair i dtimpeallacht ina bhfuil tionchair aeráide chodarsnacha ina bhfuil ascaluithe móra teochta.

Tá baint ag úire agus beogacht na bhfíonta leis an méas-aeráid áirithe sin, agus léiríonn an cineál fíniúna Gringet B, atá curtha ar mholás cré-aolchloiche ar mhórán gairbhéil a cruthaíodh thar scileach iar-oighreach, a fhéiniúlacht bláthach agus spíosrach mar is saintréith dó, agus mionbhlasanna níos aibí ag forbairt ar na fánaí is géire agus ar na hithreacha is éadoimhne.

Cuireann suíomhanna ar thaobh na gcnoc, urlár gleanna nó cois locha sna fíonghoirt (lena gcruthaítear 'oileáin' de mhéideanna éagsúla), oiriúnú na gcineálacha fíniúna do na hithreacha (ar foirmíochtaí iad a dhéantar le déanaí de ghnáth) agus an comhthéacs aeráide (arna mharcáil le suimiúchán teasa íseal) le húire na bhfíonta ar a bhfuil an tásc 'Crémant', chomh maith le foirmiú na bpríomh-dhea-bholaithe.

Tá fíon atá beartaithe chun 'Crémant de Savoie' a tháirgeadh faoi réir rialacha dochta maidir le buaint agus brú chun a áirithiú go gcaomhnaítear na dea-bholaithe. Mar thoradh ar bhrú mall an úrfhíona a bhainistítear go cúramach, bíonn cuma shoiléir ar an bhfíon. I bhfianaise shaintréithe na gcineálacha fíniúna a úsáidtear, bíonn dath éadrom ar an bhfíon.

Agus leas á bhaint as an saineolas a fuarthas chun na cineálacha fíniúna a choinneáil ar leithligh sa phróiseas fíonóireachta, cruthaíonn táirgeoirí fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc 'Crémant' cumaisc a thomhaistear go foirfe bunaithe ar a saineolas maidir le gach cineál fíniúna agus bliain an fhíona chun méid áirithe comhsheasmhachta agus cothromaíochta a áirithiú idir beogacht, mionbhlasanna bláthanna agus torthaíocht na bhfíonta. Is é an ceanglas maidir le Jacquère B agus Altesse B a bheith ar na cineálacha fíniúna is mó sna cumaisc sin a thugann a n-úrnuacht agus a bhféiniúlachta mar fhíonta 'Savoie' do na táirgí sin. Cuireann aosú ar an moirt le castacht agus mianracht na bhfíonta sin trí fhorbairt dea-bholaithe treasacha a éascú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe chun fíonta socra dearga agus rosé *a dhéanamh agus a fhorbairt, agus chun fíonta súilíneacha* rosé *ar ardchaighdeán a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta dearga agus *rosé*, ar thaobh amháin, agus maidir le táirgeadh, forbairt, aosú agus pacáistiú fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, ar an taobh eile, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Ain: Ambléon, Andert-et-Condon, Anglefort, Arboys en Bugey, Arbignieu, Belley, Billiat, Brégnier-Cordon, Brens, Challex, Champfromier, Chanay, Chazey-Bons, Chézery-Forens, Collonges, Colomieu, Confort, Conzieu, Cressin-Rochefort, Culoz, Farges, Giron, Injoux-Génissiat, Izieu, Lavours, Léaz, Magnieu, Massignieu-de-Rives, Montanges, Murs-et-Gélignieux, Parves et Nattages, Péron, Peyrieu, Plagne, Pollieu, Pougny, Premeyzel, Saint-Germain-de-Joux, Saint-Germain-les-Paroisses, Saint-Jean-de-Gonville, Surjoux-Lhopital, Valserhône, Villes agus Virignin;

— Roinn Isère: Les Abrets en Dauphiné (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardais Les Abrets agus Fitilieu, agus an chuid sin amháin), Les Adrets, Aoste, Barraux, La Bâtie-Montgascon, Bernin, Biviers, La Buissière, Le Champ-près-Froges, Chamrousse, Le Cheylas, Chimilin, La Combe-de-Lancey, Corbelin, Crêts en Belledonne (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Moretel-de-Mailles, agus an chuid sin amháin), Crolles, Domène, Entre-deux-Guiers, La Flachère, Froges, Goncelin, Granieu, Hurtières, Laval, Lumbin, Miribel-Les-Echelles, Montbonnot-Saint-Martin, Murianette, La Pierre, Plateau-des-Petites-Roches, Pontcharra, Le Pont-de-Beauvoisin, Pressins, Revel, Romagnieu, Saint-Albin-de-Vaulserre, Saint-André-le-Gaz, Saint-Christophe-sur-Guiers, Saint-Ismier, Saint-Jean-d'Avelanne, Saint-Jean-le-Vieux, Saint-Joseph-de-Rivière, Saint-Laurent-du-Pont, Saint-Martin-de-Vaulserre, Saint-Martin-d'Uriage, Saint-Maximin, Saint-Mury-Monteymond, Saint-Nazaire-les-Eymes, Saint-Pierre-de-Chartreuse, Saint-Pierre-d'Entremont, Saint-Vincent-de-Mercuze, Sainte-Agnès, Sainte-Marie-d'Alloix, Sainte-Marie-du-Mont, Tencin, La Terrasse, Theys, Le Touvet, Le Versoud agus Villard-Bonnot.

Limistéar díreach in aice láimhe chun fíonta socra dearga agus rosé *a dhéanamh agus a fhorbairt, agus chun fíonta súilíneacha* rosé *ar ardchaighdeán a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta dearga agus *rosé*, ar thaobh amháin, agus maidir le táirgeadh, forbairt, aosú agus pacáistiú fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, ar an taobh eile, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Savoie: Aiguebelette-le-Lac, Aillon-le-Jeune, Aillon-le-Vieux, Aiton, Aix-les-Bains, Argentine, Arith, Arvillard, Attignat-Oncin, Avressieux, Ayn, La Balme, Barberaz, Bassens, La Bauche, Bellecombe-en-Bauges, Belmont-Tramonet, Betton-Bettonet, La Biolle, Bonvillard, Bonvillaret, Bourdeau, Bourget-en-Huile, Bourgneuf, La Bridoire, Chambéry, Chamousset, Chamoux-sur-Gelon, Champagneux, Champ-Laurent, La Chapelle-Blanche, La Chapelle-du-Mont-du-Chat, La Chapelle-Saint-Martin, Châteauneuf, Le Châtelard, La Chavanne, Cléry, Cognin, Coise-Saint-Jean-Pied-Gauthier, La Compote, Conjux, Corbel, La Croix-de-la-Rochette, Curienne, Les Déserts, Détrier, Domessin, Doucy-en-Bauges, Drumettaz-Clarafond, Dullin, Les Echelles, Ecole, Entrelacs (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardais Albens, Cessens, Epersy, Mognard et Saint-Girod, agus an chuid sin amháin), Entremont-le-Vieux, Epierre, Frontenex, Gerbaix, Grésy-sur-Aix, Grésy-sur-Isère, Hauteville, Jacob-Bellecombette, Jarsy, Laissaud, Lepin-le-Lac, Lescheraines, Loisieux, Marcieux, Méry, Meyrieux-Trouet, Les Mollettes, Montagnole, Montailleur, Montcel, Montendry, Montgilbert, Montsapey, La Motte-en-Bauges, La Motte-Servolex, Mouxy, Nances, Notre-Dame-des-Millières, Novalaise, Le Noyer, Ontex, Planaise, Plancherine, Le Pont-de-Beauvoisin, Le Pontet, Presle, Pugny-Châtenod, Puygros, La Ravoire, Rochefort, Rothèrens, Saint-Alban-de-Montbel, Saint-Alban-des-Hurtières, Saint-Béron, Saint-Cassin, Saint-Christophe, Saint-Franc, Saint-François-de-Sales, Saint-Genix-les-Villages, Saint-Georges-d'Hurtières, Saint-Jean-d'Arvey, Saint-Jean-de-Couz, Saint-Léger, Saint-Offenge, Saint-Ours, Saint-Paul, Saint-Pierre-d'Alvey, Saint-Pierre-de-Belleville, Saint-Pierre-de-Curtille, Saint-Pierre-d'Entremont, Saint-Pierre-de-Genebroz, Saint-Pierre-de-Soucy, Saint-Sulpice, Saint-Thibaud-de-Couz, Saint-Vital, Sainte-Hélène-du-Lac, Sainte-Hélène-sur-Isère, Sainte-Marie-d'Alvey, Sainte-Reine, Sonnaz, La Table, Thoiry, La Thuile, Tournon, Traize, Tresserve, Trévignin, La Trinité, Val-d'Arc, Valgelon-La Rochette, Verel-de-Montbel, Verel-Pragondran, Le Verneil, Verrens-Arvey, Verthemex, Villard-d'Hery, Villard-Léger, Villard-Sallet, Villaroux, Vimines, Vions, Viviers-du-Lac agus Voglans, - Roinn Haute-Savoie: Abondance, Alby-sur-Chéran, Allèves, Allinges, Allonzier-la-Caille, Amancy, Ambilly, Annecy (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardais Annecy agus Meythet, agus an chuid sin amháin), Annemasse, Anthy-sur-Léman, Araches-la-Frasse,

— Arbusigny, Archamps, Arenthon, Armoy, Arthaz-Pont-Notre-Dame, La Balme-de-Sillingy, La Balme-de-Thuy, La Baume, Beaumont, Bellevaux, Bernex, Le Biot, Bloye, Boëge, Bogève, Bonne, Bonnevaux, Bons-en-Chablais, Bossey, Le Bouchet-Mont-Charvin, Boussy, Brenthonne, Brizon, Burdignin, Cercier, Cernex, Cervens, Chainaz-les-Frasses, Champanges, La Chapelle-d'Abondance, La Chapelle-Rambaud, Chapeiry, Châtel, Châtillon-sur-Cluses, Chavannaz, Chêne-en-Semine, Chênex, Chens-sur-Léman, Chevenoz, Chevrier, Chilly, Choisy, Clermont, Les Clefs, La Clusaz, Cluses, Collonges-sous-Salève, Contamine-Sarzin, Contamine-sur-Arve, Copponex, Cornier, La Côte-d'Arbroz, Cranves-Sales, Crempigny-Bonneguete, Cruseilles, Cusy, Dingy-en-Vuache, Droisy, Eloise, Epagny Metz-Tessy, Essert-Romand, Etaux, Etercy, Etrembières, Evian-les-Bains, Excenevex, Faucigny, Feigères, Fessy, Feternes, Fillière (na codanna a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardais Aviernoz, Evires, Les Ollières et Thorens-Glières, agus na codanna sin amháin), Fillinges, La Forclaz, Gaillard, Les Gets, Glières-Val-de-Borne, Le Grand-Bornand, Groisy, Gruffy, Habère-Lullin, Habère-Poche, Hauteville-sur-Fier, Héry-sur-Alby, Jonzier-Epagny, Juvigny, Larringes, Lornay, Lovagny, Lucinges, Lugrin, Lullin, Lully, Lyaud, Machilly, Magland, Manigod, Marcellaz-Albanais, Marcellaz, Margencel, Marigny-Saint-Marcel, Marlioz, Marnaz, Massingy, Maxilly-sur-Léman, Mégevette, Meillerie, Menthonnex-en-Bornes, Menthonnex-sous-Clermont, Mésigny, Messery, Mieussy, Minzier, Monnetier-Mornex, Montriond, Mont-Saxonnex, Morzine, Moye, La Muraz, Mures, Nancy-Sur-Cluses, Nangy, Nernier, Neuvecelle, Neydens, Nonglard, Novel, Onnion, Orcier, Peillonnex, Perrignier, Pers-Jussy, Poisy, Présilly, Reignier-Esery (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Reignier, agus an chuid sin amháin), Le Reposoir, Reyvroz, La Rivière-Enverse, La Roche-Sur-Foron, Rumilly, Saint-André-de-Boëge, Saint-Blaise, Saint-Cergues, Saint-Eusèbe, Saint-Félix, Saint-Germain-sur-Rhône, Saint-Gingolph, Saint-Jean-d'Aulps, Saint-Jean-de-Sixt, Saint-Jean-de-Tholomé, Saint-Jeoire, Saint-Julien-en-Genevois, Saint-Laurent, Saint-Paul-en-Chablais, Saint-Pierre-en-Faucigny, Saint-Sigismond, Saint-Sixt, Saint-Sylvestre, Sales, Sallenoves, Le Sappey, Savigny, Saxel, Scientrier, Scionzier, Serraval, Seyssel, Seytroux, Sillingy, Taninges, Thyez, Thollon-les-Mémises, Thônes,

— Roinn Haute-Savoie (ar lean): Thusy, La Tour, Vachèresse, Valleiry, Vallières-sur-Fier, Vaulx, Veigy-Foncenex, La Vernaz, Vers, Versonnex, Vétraz-Monthoux, Villard, Les Villards-sur-Thônes, Villaz, Ville-en-Sallaz, Villy-le-Bouveret, Vinzier, Viry, Viuz-la-Chiésaz, Viuz-en-Sallaz, Vougy, Vovray-en-Bornes, Vulbens agus Yvoire.

Limistéar díreach in aice láimhe chun fíonta geala a dhéanamh agus a fhorbairt

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le fíonta geala a dhéanamh agus a fhorbairt, cuimsítear críoch na mbardas sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta dearga agus *rosé* a dhéanamh agus a fhorbairt, agus maidir leis na fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú, lena gcuirtear isteach bardais Corbonod agus Seyssel (Roinn Ain) agus Seyssel (Roinn Haute-Savoie).

Limistéar díreach in aice láimhe le haghaidh ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir leis na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha, an limistéar atá díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú

— chun na fíonta geala agus dearga a dhéanamh agus a fhorbairt,

— agus chun na fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú,

cuimsíonn sé críoch na mbardas i limistéar geografach na bhfíonta dearga agus *rosé* agus na bhfíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán, agus críoch na mbardas sa limistéar atá díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú, ar thaobh amháin, chun na fíonta dearga agus *rosé* a dhéanamh agus a fhorbairt, agus ar an taobh eile, chun na fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú, cé is moite de bhardais nó de chodanna de bhardais ina gcomhdhéanann an chríoch an limistéar geografach le haghaidh aon cheann de na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha faoi seach.

Ainmneacha geografacha forlíontacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ceann amháin de na ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha seo a leanas a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gcás fíonta a chomhlíonann na coinníollacha táirgeachta a leagtar síos le haghaidh gach ceann de na hainmniúcháin sin:

— ‘Abymes’ nó ‘Les Abymes’;

— ‘Apremont’;

— ‘Arbin’;

— ‘Ayze’;

— ‘Chautagne’;

— ‘Chignin’;

— ‘Chignin-Bergeron’;

— ‘Crépy’;

— ‘Cruet’;

— ‘Jongieux’;

— ‘Marignan’;

— ‘Marin’;

— ‘Montmélian’;

— ‘Ripaille’;

— ‘Saint-Jean-de-la-Porte’;

— ‘Saint-Jeoire-Prieuré’.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Anuas ar ainm an ATFC, féadfar an cineál fíniúna a léiriú freisin, ar an gcoinníoll go ndéantar na fíonta go heisiach as an gcineál atá i gceist agus faoi réir chomhlíonadh na rialacha táirgthe eile go léir a bhfuil feidhm acu maidir leis an tásc sin.

Ní mór an tásc ar an gcineál fíniúna ar an lipéad a bheith i litreacha nach féidir a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ATFC.

Ní mór an tásc ‘Crémant’ a chur roimh ainm an ATFC i gcás fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán a dhéantar i gcomhréir leis na dálaí táirgthe a bhunaítear don mhodh táirgthe sin.

Pacáistiú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Déantar fíonta súilíneacha *rosé* nó geala ar ardchaighdeán trí choipeadh tánaisteach sa bhuidéal.

I gcás na bhfíonta sin, ní mór na buidéil a choinneáil ar an moirt ar feadh 9 mí ar a laghad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-89d5229a-6ab3-43c1-898b-7daa1c772c4d